An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

Ciorclán 0022/2026

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Scéim Ath-imlonnaithe um Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)

Clár Ábhar

1. Cuspóir an Chiorcláin seo 1
2. Gluais téarmaí agus sainmhínithe 3
3. Leithdháiltí CRS ar Scoileanna 5
4. Ról an CNOS sa Scéim Ath-imlonnaithe CRS 6
5. Próiseas Athbhreithnithe ar Leithdháileadh CRS CNOS 6
6. Raon feidhme na Scéime Ath-imlonnaithe CRS 7
7. Poist Fholmha 8
8. Oibriú na Scéime Ath-imlonnaithe 9
9. Socruithe do CRSanna i scoileanna BOO 13
10. Cumarsáid 13

Aguisín A 15

1. Cuspóir an Chiorcláin seo

1.1 Feidhmeoidh an Scéim Ath-imlonnaithe CRS go náisiúnta ar fud gach suíomh scoile. Laistigh de théarmaí an chiorcláin seo, féadfar CRSanna incháilithe a ath-imlonnú chuig post in aon scoil aitheanta lena n-áirítear bunscoileanna, iar-bhunscoileanna, ranganna speisialta agus scoileanna speisialta.

1.2 Tá an ciorclán seo agus a fhorálacha faoi réir athbhreithnithe agus leasaithe.

1.3 Ba chóir an ciorclán seo a léamh i gcomhar le:

- treoirdhoiciméad na Scéime Ath-imlonnaithe CRS,
- treoirlínte Athbhreithnithe CRS CNOS
- ciorclán bliantúil Leithdháiltí CRS na Roinne Oideachais agus Óige
- Ciorclán 0044/2026 Earcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) - Socruithe Sannacháin Fhorlíontaigh
- Ciorclán 0058/2006 Socruithe Iomarcaíochta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus i Scoileanna Dara Leibhéal

agus doiciméid ábhartha eile, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an gciorclán seo.

Ceanglaítear ar gach fostóir agus CRSanna cloí le scéim Ath-imlonnaithe CRS agus ní mór dóibh cloí le forálacha an chiorcláin seo.

2. Gluais téarmaí agus sainmhínithe

Chun críocha an chiorcláin seo beidh na bríonna seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas ach amháin má chuireann an comhthéacs a mhalairt in iúl:

2.1 Tagraíonn an **Bord bainistíochta** do bhord bainistíochta scoile agus tá an bhrí a shanntar dó san Acht Oideachais 1998 agus cuimsíonn sé Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) i gcás scoile atá faoi phátrúnacht an BOO.

2.2 Tagraíonn **riachtanais chúraim** do riachtanais chúraim lárnacha agus tá an bhrí a shanntar do riachtanais chúraim lárnacha de réir Chiorclán 0032/2026 na Roinne Oideachais agus Óige maidir le Ról an CRS.

2.3 **Roinn**– An Roinn Oideachais agus Óige.

2.4 Ciallaíonn **CRS incháilithe** CRS atá fostaithe i bpost caighdeánach lánaimseartha nó páirtaimseartha i mbunscoil, iarbhunscoil nó scoil speisialta agus a meastar go bhfuil barrachas ag baint lena post tar éis athbhreithniú CNOS ar leithdháileadh na scoile.

2.5 **Fostóir** Faoi Alt 24 den Acht Oideachais, 1998 (arna leasú ag an Acht Oideachais (Leasú), 2012) is é an bord bainistíochta fostóir múinteoirí agus baill foirne eile na scoile. I gcás scoileanna atá bunaithe nó faoi chothabháil ag BOO, is é an BOO ábhartha an fostóir agus ní an bord bainistíochta.

2.6 **BOOÉ** – Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

2.7 Tagraíonn **Post Lá na Naíonán** do chonradh 0.83 le haghaidh CRS, atá ceaptha chun na huaireanta scoile níos giorra de ranganna naíonán sóisearacha agus sinsearacha a mheaitseáil.

2.8 Is í **CNOS** an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

2.9 Tagraíonn **tréimhse ghníomhach ath-imlonnaithe** don tréimhse ama gach bliain ina gceanglaítear ar scoileanna agus CRSanna incháilithe páirt a ghlacadh sa phróiseas ath-imlonnaithe, de réir an chiorcláin seo.

2.10 Tagraíonn an **painéal ath-imlonnaithe** don liosta CRSanna incháilithe atá ar fáil lena n-ath-imlonnú le linn na tréimhse gníomhach ath-imlonnaithe.

2.11 Tagraíonn an **Scéim Ath-imlonnaithe** don scéim atá leagtha amach sa chiorclán seo chun CRSanna incháilithe a ath-imlonnú chuig poist fholmha, mura luaitear a mhalairt.

2.12 Ciallaíonn **scoil** scoil aitheanta agus tá an bhrí a shanntar do 'scoil aitheanta' leis san Acht Oideachais - bunscoil nó iar-bhunscoil atá aitheanta ag an Aire de réir alt 10 d'Acht Oideachais 1998.

2.13 **CRS** – Cúntóir Riachtanas Speisialta.

2.14 **Tairseach Ath-imlonnaithe CRS:** deais shlán ar líne a d'fhorbair an CNOS chun na sonraí riachtanacha a thaifeadadh ar Liosta an Phainéil CRS agus ar phróisis phoist fholmha a bhaineann leis an scéim. Éascaíonn an deais na cúraimí riaracháin, monatóireachta agus tuairiscithe a bhaineann le hoibriú na scéime.

2.15 Tá le **riachtanais speisialta oideachais** an bhrí a shanntar dó san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN) 2004: Ciallaíonn riachtanais speisialta oideachais, i ndáil le duine, srian ar chumas an duine páirt a ghlacadh in oideachas agus leas a bhaint as oideachas mar gheall ar mhíchumas fisiceach, céadfach, meabhrach nó foghlama atá buan, nó aon riocht eile a fhágann go bhfoghlaimíonn duine ar bhealach difriúil ó dhuine gan an riocht sin.

2.16 Ciallaíonn **post CRS caighdeánach** – post CRS atá mar chuid de chandam bliantúil CNOS le haghaidh tacaíocht CRS a sholáthraítear ar scoil.

2.17 Ciallaíonn **scoláire** leanbh nó duine óg atá cláraithe i scoil aitheanta.

2.18 Tagraíonn **post folamh** – d'fholúntas a tharlaíonn in aon phost CRS caighdeánach, de 0.5 agus os a chionn, lena n-áirítear 0.75, 0.83 agus poist lae shinsearaigh lánaimseartha mar thoradh ar:

- CRS ag fágáil fostaíochta amhail i gcás scoir nó éirí as, nó méadú ar leithdháileadh CRS scoile

agus:

- tar éis uaireanta breise a thairiscint do CRSanna atá ann cheana féin i bpoist chaighdeánacha páirtaimseartha sa scoil i gcomhréir le Ciorclán 0044/2026 na roinne maidir le hEarcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) - Socruithe Sannacháin Fhorlíontaigh agus aon leagan amach anseo den chiorclán seo.

Tagraíonn post folamh i gcás scoile BOO do phost folamh, mar a shainmhínítear thuas, atá fágtha tar éis don phróiseas aistrithe inmheánaigh an BOO a bheith críochnaithe.

3. Leithdháiltí CRS ar Scoileanna

3.1 Tá tacaíocht CRS ar cheann de na príomhghnéithe chun scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú go rathúil san oideachas, lena n-áirítear i ranganna príomhshrutha, ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta.

3.2 Leithdháiltear CRSanna ar scoileanna mar acmhainn scoil-bhunaithe agus ní do scoláirí aonair.

3.3 Bainistíonn an CNOS leithdháileadh na gCRSanna ar scoileanna, agus tá sé de fhreagracht ar an CNOS a chinntiú go leithdháiltear na hacmhainní seo chun tacú leis na scoláirí a bhfuil an leibhéal riachtanas is mó acu.

3.4 Tá sé de fhreagracht ar an bpríomhoide a chinntiú go n-imscartar a leithdháileadh CRS chun freastal ar riachtanais chúraim aitheanta agus taifeadta na scoláirí sa chomhad tacaíochta scoláirí. Ní mór don bhuntuiscint san imscaradh cloí leis an bprionsabal go bhfaigheann an scoláire leis an leibhéal is mó de riachtanas cúraim an leibhéal is mó tacaíochta CRS.

3.5 Deimhneoidh an CNOS leithdháiltí don scoilbhliain atá le teacht do scoileanna aitheanta. Chun an leibhéal trédhearcachta agus cothroime is airde is féidir a chinntiú, foilsíonn an CNOS sonraí faoi gach leithdháileadh CRS a dhéantar ar scoileanna gach bliain ar a láithreán gréasáin. Tá na sonraí seo ar fáil freisin ag www.ncse.ie.

3.6 Tá gach leithdháileadh CRS faoi réir athbhreithnithe ag an CNOS.

4. Ról an CNOS sa Scéim Ath-imlonnaithe CRS

4.1 Is í an CNOS an comhlacht reachtúil atá freagrach as oideachas speisialta a sholáthar agus tacaíochtaí a leithdháileadh le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Feidhmeoidh an CNOS Scéim Ath-imlonnaithe CRS le tacaíocht ón Roinn.

4.2 Déanfaidh an CNOS bainistíocht ar an Tairseach Ath-imlonnaithe ar mhaithe le sonraí riachtanacha a thaifeadadh ar Liosta an Phainéil CRS ar bhonn sonrach, mar aon leis na próisis a bhaineann le poist fholmha sa scéim. Ina theannta sin, éascóidh sí na tascanna riaracháin, monatóireachta agus tuairiscithe a bhaineann le feidhmiú na scéime.

4.3 Déanfaidh an CNOS teagmháil le scoileanna agus le CRSanna incháilithe chun rannpháirtíocht phras leis an Scéim Ath-imlonnaithe CRS a chinntiú le linn na tréimhse gníomhaí ath-imlonnaithe. Déanfaidh an Roinn agus an CNOS monatóireacht ar chomhlíonadh na socruithe seo.

5. Próiseas Athbhreithnithe ar Leithdháileadh CRS CNOS

5.1 Baineann próiseas athbhreithnithe ar leithdháileadh CRS le scrúdú cuimsitheach ar chroíriachtanais chúraim i ngach suíomh laistigh den chontanam soláthair i scoil.

5.2 I gcás ina ndéantar athbhreithniú ar leithdháileadh CRS, bunóidh agus coinneoidh an CNOS taifead ar an toradh chun:

- CRS(anna) atá ar fáil le haghaidh ath-imlonnaithe a aithint mar gheall ar laghdú ar leithdháileadh na scoile.
- Scoileanna a aithint a bhfuil méadú ceadaithe dóibh ar leithdháileadh CRS don scoilbhliain dár gcionn. Ginfidh sé seo liosta de phoist fholmha a fhéadfar a líonadh trí CRSanna a ath-imlonnú (tar éis uaireanta méadaithe a thairiscint d'aon CRSanna atá ann cheana féin i bpoist chaighdeánacha pháirtaimseartha sa scoil).

5.3 Is iad seo a leanas na poist fholmha ábhartha chun críocha Scéim Ath-imlonnaithe CRS:

- Gach leithdháileadh breise ar scoil ina bhfuil poist chaighdeánacha CRS lánaimseartha nó pháirtaimseartha.
- Poist a thagann chun cinn mar gheall ar imeacht CRS atá ann cheana ó phost caighdeánach, e.g. mar thoradh ar dhul ar scor nó éirí as.

6. Raon feidhme na Scéime Ath-imlonnaithe CRS

6.1 Is é cuspóir na Scéime Ath-imlonnaithe CRS ath-imlonnú CRS incháilithe chuig scoil a bhfuil post folamh aici a éascú.

6.2 Tá an Scéim Ath-imlonnaithe CRS ceaptha chun a chinntiú go gcoinnítear CRSanna a bhfuil taithí acu san earnáil oideachais, ag

coinneáil acmhainne i bhfórsa saothair CRS agus ag feabhsú na seirbhíse do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

6.3 Ní ráthaíonn sé, áfach, go ndéanfar poist choibhéiseacha, is é sin, poist san earnáil chéanna nó leis an bpatrún oibre céanna a dhaingniú trí fheidhmiú na scéime.

6.4 Ina theannta sin, ní ráthaíonn sé go bhfaighidh gach CRS incháilithe post tríd an Scéim Ath-imlonnaithe CRS, ná go líonfar gach post folamh tríd an Scéim Ath-imlonnaithe CRS.

7. Poist Fholmha

7.1 Ar an gcéad dul síos, má tá post CRS folamh ag scoil, ní mór na huaireanta/poist chaighdeánacha breise a thairiscint do CRSanna páirtaimseartha atá i bpoist chaighdeánacha sa scoil sin cheana féin, in ord sinsearachta, sula dtéann an fostóir i muinín na socruithe seo.

7.2 Ina dhiaidh sin, líonfar na poist folamha CRS nuair is féidir trí ath-imlonnú de réir théarmaí an chiorcláin seo, sula rachfar ar aghaidh chuig modhanna eile earcaíochta. Ní rachaidh an fostóir ar aghaidh le hearcaíocht a oscailt gan údarás sainráite scríofa an CNOS.

7.3 Ar fhógra a fháil ó CRS go bhfuil sé ar intinn acu post caighdeánach atá ann cheana a fhágáil, amhail trí dhul ar scor nó éirí as, de réir na riachtanais atá leagtha amach ina gconradh fostaíochta, cláróidh scoileanna poist fholmha ar Thairseach Ath-imlonnaithe CRS laistigh de chúig lá oibre, ionas gur féidir an scoil a chur ar an liosta náisiúnta scoileanna a bhfuil folúntais fhéideartha acu don scoilbhliain dár gcionn.

7.4 Sa chás go dtagann méadú ar leithdháileadh bliantúil CRS don scoil lena mbaineann mar thoradh ar athbhreithniú CRS, líonfar na poist chaighdeánacha bhreise ar bhonn téarma sheasta agus measfar gur post folamh é a bheidh faoi réir na Scéime Ath-imlonnaithe CRS, nuair a thosóidh sé. Níor cheart na poist sin a mheascadh le conarthaí ar

théarma seasta bunaithe ar shocruithe ionadaíochta nach mbreithneofar chun críocha ath-imlonnaithe.

7.5 I gcúinsí ina:

- ndeimhníonn an CNOS go dtosóidh méadú ar an leithdháileadh bliantúil le linn na scoilbhliana, agus/nó;
- go mbíonn post folamh ag scoileanna a thagann chun cinn le linn na scoilbhliana mar gheall ar CRS caighdeánach atá i ndiaidh éirí as nó dul ar scor,

Earcóidh an scoil trí chonradh téarma shocraithe chun an post a líonadh chun críche sonraithe ar feadh an chuid eile den scoilbhliain.

7.6 Beidh sé ina choinníoll de phost folamh den sórt sin a líonadh ina dhiaidh go gcuirfear in iúl do rannán Párolla Foirne CNOS agus Neamhtheagaisc na Roinne é, a luaithe a thagann sé chun cinn.

8. Oibriú na Scéime Ath-imlonnaithe

8.1 CRS(anna) incháilithe a shainaithint do Scéim Ath-imlonnaithe CRS

8.1.1 Sainaithneoidh an fostóir an CRS(anna) a chuirfear ar an bpainéal ath-imlonnaithe bunaithe ar shinsearacht de réir Chiorclán 0051/2019.

8.1.2 Tá CRSanna atá fostaithe ag an scoil i bpost caighdeánach ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, incháilithe le haghaidh ath-imlonnaithe.

8.1.3 Níl CRSanna atá fostaithe ag an scoil ar bhonn conartha téarma seasta incháilithe le haghaidh ath-imlonnaithe.

8.1.4 Nuair atá an CRS incháilithe don phainéal ath-imlonnaithe aitheanta ag an scoil, cuireann an scoil sonraí an CRS isteach ar an Tairseach Ath-imlonnaithe CRS.

8.1.5 Sa chás go gcaillfear po(i)st CRS mar thoradh ar dhúnadh scoile, ba chóir don scoil lena mbaineann teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an CNOS d'fhonn incháilitheacht le haghaidh ath-imlonnaithe a bhunú i leith CRS(anna) atá buailte.

8.1.6 Féadfaidh CRS atá aitheanta ag scoil mar dhuine atá incháilithe le haghaidh ath-imlonnaithe diúltú don Scéim Ath-Imlonnaithe CRS agus féachaint le filleadh ar na forálacha laistigh de na socruithe sannacháin fhorlíontaigh nó a roghnú go ndéanfar iomarcach é de réir na socruithe iomarcaíochta atá i réim. Is féidir sonraí faoi na roghanna malartacha seo a fháil trí rochtain a fháil ar chiorcláin ábhartha ón liosta atá curtha ar fáil in Aguisín A thíos.

8.2 Critéir maidir le hAchar

8.2.1 Beidh an t-ath-imlonnú laistigh de 45km d'áit oibre (scoil) nó seoladh baile reatha CRS incháilithe de réir phárolla na roinne, cibé acu is giorra.

8.3 Rochtain ar an bPainéal Ath-imlonnaithe CRS

8.3.1 Cuirfidh an CNOS rochtain ar an bPainéal Ath-imlonnaithe CRS ar fáil do scoileanna a chláraíonn poist/phoist CRS atá folamh gach bliain.

8.3.2 Tabharfaidh an CNOS fógra do scoileanna faoi shonraí na ndátaí oscailte agus dúnta don tréimhse ghníomhach ath-imlonnaithe do CRSanna incháilithe roimh ré gach bliain.

8.3.3 Baineann an Painéal Ath-imlonnaithe CRS le ceapacháin chuig poist chaighdeánacha lánaimseartha agus páirtaimseartha amháin.

8.4 An Tréimhse Ghníomhach Ath-imlonnaithe

8.4.1 Cuirfidh an scoil sonraí na CRSanna atá incháilithe le haghaidh ath-imlonnaithe agus a d'aontaigh go gcuirfí ar an bpainéal iad ar Thairseach Ath-imlonnaithe CRS.

8.4.2 Nuair a thosaíonn an tréimhse ghníomhach Ath-imlonnaithe CRS, gheobhaidh scoileanna a chláraíonn post/poist fholmha rochtain ar phainéal de CRSanna incháilithe.

8.4.3 Le linn na tréimhse gníomhaí, agus faoi réir raon 45km, ceanglaítear ar scoileanna a bhfuil post folamh acu tairiscint a dhéanamh do cheann de na CRSanna ar an bpainéal ath-imlonnaithe.

8.5 Glacadh le Tairiscint CRS

8.5.1 Ceanglaítear ar CRSanna machnamh a dhéanamh ar an tairiscint a fhaightear laistigh de 45km óna scoil reatha (nó óna mbaile), ag tabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeadh an patrún oibre mar an gcéanna leis an bpost a bhí acu ina bhfostaíocht dheireanach. Mura ndéantar aon tairiscint, rachaidh an CRS ar aghaidh chun socruithe sannacháin fhorlíontaigh nó iomarcaíochta a roghnú, nuair is infheidhme.

8.5.2 Nuair a ghlacann CRS le tairiscint tríd an Tairseach Ath-imlonnaithe CRS, beidh ceapachán an phoist CRS ina cheangal ar gach páirtí, agus beidh an CRS ina bhall d'fhoireann na scoile a ghlacann leo, agus ina fhostaí de chuid an bhoird bhainistíochta/BOO. Beidh siad á rialú ag na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le CRSanna freisin.

8.5.3 Ullmhófar dhá chonradh fostaíochta agus síneoidh an dá pháirtí é (i.e. an fostóir agus an CRS) laistigh den chéad chúig lá ón gceapachán i gcomhréir le téarmaí Chiorcláin 0039/2026 agus 0040/2026 na roinne, de réir mar is iomchuí, agus le forálacha beartais agus reachtacha gaolmhara.

8.5.4 Tabharfaidh CRS a seirbhís ináirithe ar aghaidh chun críocha párolla agus inphinsin. Ina theannta sin, tabharfaidh CRS atá ath-imlonnaithe ar aghaidh aon seirbhís ináirithe ar aghaidh atá fabhraithe acu cheana féin mar CRS lena bhfostóir roimhe seo, chun críocha iomarcaíochta, má thagann cás iomarcaíochta chun cinn amach anseo.

8.5.5 Mar sin féin, ní bheidh aon seirbhís atá ann cheana féin mar CRS ináirithe chun críocha sinsearachta amach anseo mar CRS leis an bhfostóir nua i.e. is iad an CRS sin an CRS is sóisearaí chun críocha sinsearachta ina bhfostaíocht nua.

8.6 Diúltú Tairisceana CRS

8.6.1 Má dhiúltaíonn CRS an chéad tairiscint, meastar gur tharraing an CRS siar ón bpainéal ath-imlonnaithe CRS agus rachaidh siad ar aghaidh chun socruithe sannacháin fhorlíontaigh nó iomarcaíochta a roghnú, nuair is infheidhme.

8.7 Tar éis na Tréimhse Gníomhacha

8.7.1 Déanfaidh an CNOS monatóireacht ar thorthaí na Scéime Ath-imlonnaithe CRS agus, ag deireadh na tréimhse ath-imlonnaithe gníomhaí, déanfaidh sí amach líon na CRSanna atá fós le hath-imlonnú agus scoileanna a bhfuil poist fholmha acu fós. Cabhróidh an CNOS le scoileanna ina bhféadfadh CRSanna atá le breithniú le haghaidh ath-imlonnaithe a bheith ina n-iarrthóirí a d'fhéadfadh aon phoist fholmha atá fágtha a líonadh.

8.7.2 Mar an gcéanna, mura bhfuil post faighte ag CRS incháilithe atá cláraithe ar thairseach Ath-imlonnaithe CRS ag deireadh na tréimhse gníomhaí ath-imlonnaithe, déanfaidh an CNOS iarracht cabhrú leis an CRS agus le scoileanna a bhfuil poist fholmha fágtha acu agus comhairle a fháil maidir leis na chéad chéimeanna eile.

8.7.3 Ag deireadh an phróisis bunaithe ar anailís cás ar chás, cuirfidh an CNOS scoileanna ar an eolas nuair is féidir leo dul ar aghaidh chuig earcaíocht oscailte.

8.7.4 Is féidir poist fholmha a líonadh trí earcaíocht oscailte a luaithe nuair nach bhfuil aon CRS ar fáil ar an bpainéal ath-imlonnaithe, nó nuair a cheadaíonn an CNOS iad..

9. Socruithe do CRSanna i scoileanna BOO

9.1 Reáchtálann an BOOÉ painéal aistrithe inmheánaigh ar leithligh do scoileanna an BOO a leanfaidh ar aghaidh ag feidhmiú.

9.2 Sa chás gur aistrigh an BOO gach CRS don bhliain agus go bhfuil folúntais fágtha aige, cuirfidh an BOO an scoil ar an eolas faoin riachtanas clárú ar an Tairseach Ath-imlonnaithe CRS d'fhonn rochtain a fháil ar CRSanna atá faoi réir ath-imlonnaithe.

10. Cumarsáid

10.1 Tá treoirdhoiciméad cuimsitheach faoi Scéim Ath-imlonnaithe CRS ina dtugtar faisnéis faoin bpróiseas ath-imlonnaithe agus faoi na hamlínte ábhartha ar fáil ar on www.gov.ie, ar Mhol Faisnéise CRS, Plean Forbartha Fórsa Oibre Cúntóra Riachtanas Speisialta (CRS) agus ar an www.ncse.ie

10.2 Ba chóir do na CRSanna aon cheist a chur faoi bhráid a bhfostóra ar dtús ar mian leo féin dul i gcomhairle lena gcomhlacht bainistíochta ábhartha.

Féach ar an treoirdhoiciméad ar an gcéad dul síos. Ba chóir aon cheist eile a sheoladh chuig snaredeployment@ncse.ie.

10.3 Cinntigh, le do thoil, go gcuirtear an ciorclán seo faoi bhráid gach ball den bhord bainistíochta agus faoi bhráid gach CRS atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta. Is féidir rochtain a fháil ar an gciorclán seo ar shuíomh gréasáin na roinne faoin Roinn Oideachais agus Óige - www.gov.ie/en/department-of-education.

Angela Corcoran
Príomhoifigeach
Oideachas Speisialta
Meitheamh 2026

Aguisín A

Iomarcaíocht:

Ciorcláin 0058/2006 *Socruithe Iomarcaíochta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus i Scoileanna Dara Leibhéal*

Sinsearacht CRSanna:

Ciorcláin 0051/2019 *Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Ceapacháin le haghaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)*

Socruithe Sannacháin Fhorlíontaigh:

Ciorcláin 0044/2026 *Earcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta – Socruithe Sannacháin Fhorlíontaigh don scoilbhliain 2026/2027*

Leithdháileadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Ciorcláin 0049/2026 *Leithdháileadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta 2026/27*

Faisnéis agus Tagairt:

- Mol Eolais CRS:

  https://www.gov.ie/en/department-of-education/publications/special-needs-assistant-sna-information-hub/

  Scéim Ath-imlonnaithe um Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)

- CNOS: www.ncse.ie

  Ath-imlonnú Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) - NCSE

  SNA Redeployment Scheme Update - NCSE

- CUIR ISTEACH SEOLADH RÍOMHPHOIST ATH-IMLONNAITHE CNOS: snaredeployment@ncse.ie